

# Fiosrúchán maidir le Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge

(04-SIU-2018)

**Dáta an Chinnidh: An 21 Deireadh Fómhair 2020**

Tá an fiosrúchán seo ar cheann de líon fiosrúcháin dá dtoil féin maidir le raon leathan saincheistanna a bhaineann le faireachas teicneolaíochtaí a mbaineann údaráis Stáit úsáid astu.

Áirítear ar na torthaí a rinneadh sa chinneadh:

- Torthaí nach ndéanann an tAcht um Thruailliú ó Bhruscar 1997, an tAcht um Bainistiú Dramhaíola 1996 foráil do bhunús dlí don úsáid a bhaineann Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge as CCTV faoi cheilt agus ceamaraí deaise le daoine atá ag caitheamh bruscair uathu agus ag dumpáil a bhrath. Bhreithnigh an DPC na hAchtanna seo go cuimsitheach agus fuarthas amach nach bhfuil an phróiseáil seo maidir le sonraí pearsanta á rialú acu mar a cheanglaítear sa Treoir um Fhorfheidhmiú an Dlí, mar atá trasuite ag an Acht um Chosaint Sonraí 2018. Sa bhreis air sin, fuarthas amach sa chinneadh nach bhfreastalaíonn na hAchtanna ar na caighdeáin soiléireachta, cruinnis agus inbhraiteachta maidir le próiseáil den sórt sin mar a cheanglaítear le cásdlí Chúirt Breithiúnais an Aontais Eorpaigh agus na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine.
- Toradh nach raibh an úsáid a bhain Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge as ceamaraí áirithe le coireacht a chosc agus a fhiosrú dleathach ceal údarú ó Choimisinéir an Gharda Síochána de réir Alt 38 d'Acht an Gharda Síochána 2005.
- Toradh go bhfuil Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge agus an Garda Síochána ina gcomhrialaitheoirí i ndáil le ceamaraí CCTV áirithe údaraithe faoi Alt 38(3)(c) d'Acht an Gharda Síochána 2005. Maidir leis sin, fuarthas amach sa chinneadh gur sháraigh Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge Alt 79 den Acht um Chosaint Sonraí 2018 nuair nár cuireadh comhaontú i scríbhinn leis an nGarda Síochána.
- Áirítear ar na torthaí eile sa chinneadh, sáruithe a bhaineann le leordhóthanacht bheartas Chomhairle Chathrach agus Contae Phort Láirge maidir leis an úsáid a bhaineann sí as ladrainn i ndáil le faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh ar láithreáin dramhaíola agus cosc a chur ar dhumpáil ar láithreáin dramhaíola mhídhleathacha, agus a oibleagáid maidir le log sonraí a choinneáil i ndáil le rochtain

shonrach ar thaifid CCTV.

### Na cumhachtaí ceartaitheacha a cuireadh i bhfeidhm:

- Cosc sealadach ar phróiseáil sonraí pearsanta trí cheamaraí CCTV áirithe sonraithe, ceamaraí CCTV faoi cheilt, agus ceamaraí deaise chun críocha fhorfheidhmiú an dlí.
- Orduithe tugtha do Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge próiseáil sonraí pearsanta a chur ar bhonn comhlíonta tríd an ngníomh áirithe a sonraíodh sa chinneadh.
- Iomarduithe maidir le sáruithe Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge.